AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2023
COM(2023) 302 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an athbhreithniú ar idirghabhálacha éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an athbhreithniú ar idirghabhálacha éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle**

Clár


I. Réamhrá ... 2

II. Ceanglas in Airteagal 20 de Rialachán ón gComhairle ... 5

III. Dálaí reatha an mhargaidh leictreachais ... 6

IV. An tÉileamh Leictreachais a Laghdú ... 8

V. An uasteorainn ioncaim infrimeallaigh ... 11

VI. Tacaíocht do thomhaltóirí deiridh ... 15

VII. Réamhchonclúidí ... 18

# I. Réamhrá

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar na forálacha faoi Chaibidil II de Rialachán 2022/1854 de bhun Airteagal 20(1) den Rialachán sin (an ***Rialachán ón gComhairle***)[1]. Tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir 25 Bhallstát ar fáil de bhun Airteagal 19 den Rialachán ón gComhairle. Baintear leas sa tuarascáil freisin as na freagraí a tugadh ar chuid de na ceisteanna a chuir an Coimisiún Eorpach (an ***Coimisiún***) ina chomhairliúchán poiblí dá thogra maidir le hathchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais.

Bhí an Rialachán ón gComhairle ar cheann de na bearta lenar fhreagair an tAontas do ghéarchéim fuinnimh a tháinig chun cinn le dhá bhliain anuas agus praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde ná mar a bhí leis na blianta. Thosaigh praghsanna ag ardú go tapa i samhradh 2021 nuair a d'fheabhsaigh an geilleagar domhanda tar éis maolú a theacht ar shrianta COVID-19. Ina dhiaidh sin, mar thoradh ar an armáil a rinne an Rúis ar fhoinsí fuinnimh i spotmhargaí agus ionradh na hÚcráine, tá leibhéil seachadta gáis i bhfad níos ísle agus tá méadú tagtha ar chur isteach an tsoláthair gáis, rud a chuir leis na praghsanna gáis. Bíonn tionchar nach beag ag praghsanna arda gáis ar phraghas an leictreachais mar is minic a bhíonn gá le gléasraí cumhachta gásadhainte chun an t-éileamh ar leictreachas a shásamh.

Tá an Coimisiún lánpháirteach ó thús na géarchéime fuinnimh chun na héifeachtaí a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar shaoránaigh agus ar chuideachtaí na hEorpa a mhaolú, agus d'fhorbair sé sraith freagairtí beartais go tapa, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an tAontas bosca uirlisí praghsanna fuinnimh ar fáil ina raibh bearta chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda agus ar an tionchar a bhíonn acu ar thomhaltóirí (lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, sosanna cánach, bearta coigilte gáis agus bearta stórála).[2]. Rinneadh é sin, i gcomhthéacs armáil an tsoláthair gáis agus ionramháil na Rúise ar mhargaí fuinnimh trí chur isteach d'aon ghnó ar shreafaí gáis, rud a mhéadaigh an imní faoi ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann agus bhí ardú nach bhfacthas riamh cheana ar phraghsanna fuinnimh mar thoradh air sin.

[1] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support [Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta] COM(2021)660 final.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, d'fhreagair an tAontas i mí an Mhárta agus leagadh amach prionsabail phlean REPowerEU[3] a forbraíodh go mion ina dhiaidh sin an 18 Bealtaine 2022[4] – plean don Aontas chun deireadh a chur lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise faoi 2027 ar a dhéanaí trí thrí cholún: foinsí fuinnimh a éagsúlú ó bhreoslaí iontaise na Rúise, fuinneamh a shábháil agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Maidir leis an gcolún deireanach sin, mhol an Coimisiún príomhsprioc 2030 d'fhoinsí in-athnuaite a mhéadú ó 40 % go 45 % agus an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú ó 9 % go 13 % faoin bpacáiste 'oiriúnach do 55'. Is gá foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid níos tapúla, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus éileamh a leictriú tuilleadh chun saoránaigh na hEorpa a chosaint ar ghéarchéimeanna iontaise toisc go laghdóidh siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise go gasta agus go struchtúrtha agus cuirfidh siad le cuspóirí dícharbónaithe i dtionscnaimh na cumhachta, an téimh agus an fhuaraithe agus san earnáil iompair. Mar gheall ar na costais ísle oibriúcháin a bhaineann leo, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag foinsí in-athnuaite fuinnimh ar phraghsanna fuinnimh ar fud an Aontais. Ina theannta sin, trí úsáid níos tapúla a bhaint as fuinneamh in-athnuaite mar aon le héifeachtúlacht fuinnimh níos fearr, rannchuideofar le slándáil an tsoláthair fuinnimh trí dheireadh a chur le breoslaí iontaise a bhfuil an tAontas ag brath go mór orthu. I dteannta phlean REPowerEU, sainaithníodh sa Teachtaireacht maidir le hIdirghabhálacha sa Mhargadh Fuinnimh Gearrthéarmach,[5] chomh maith le bearta gearrthéarmacha breise a leagan amach chun dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh, réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais agus fógraíodh go raibh rún ann measúnú a dhéanamh ar na réimsí sin d'fhonn an creat reachtach ábhartha a athrú.

An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle leis an Rialachán ón gComhairle lenar tugadh isteach bearta coiteanna eisceachtúla spriocdhírithe agus a bhfuil teorainn ama leo chun an t-éileamh ar leictreachas a laghdú agus chun ioncam rí-ard na hearnála fuinnimh a bhailiú agus a athdháileadh ar chustaiméirí deiridh. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na bearta a dhéanann idirghabháil sa mhargadh leictreachais mar seo a leanas (Caibidil II den Rialachán ón gComhairle):

[3]REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe, COM(2022) 108 final.
[4] An Plean REPowerEU COM/2022/230 final.
[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Idirghabhálacha gearrthéarmacha sa mhargadh fuinnimh agus feabhsuithe fadtéarmacha ar dhearadh an mhargaidh leictreachais - plean gníomhaíochta, COM(2022) 236 final.

- An t-éileamh leictreachais a laghdú: Leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle dhá sprioc, ceann amháin táscach (an t-éileamh foriomlán leictreachais a ghearradh faoi 10 %) agus ceann amháin sainordaitheach (an t-éileamh a laghdú 5 % ar a laghad le linn uaireanta an-éileamh ar leictreachas). Bhí an tsaoirse ag na Ballstáit na bearta iomchuí a roghnú, lena n-urramaítear roinnt coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle[6]. Beidh feidhm ag an sprioc sainordaitheach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 31 Márta 2023[7].
- Teorainn shealadach ioncaim a thabhairt isteach ar tháirgeoirí cumhachta 'infrimeallacha' (e.g., foinsí in-athnuaite, fuinneamh núicléach agus lignít): Leis an Rialachán ón gComhairle, sainordaítear uasteorainn ioncaim shealadach 180 EUR/MWh ar tháirgeoirí leictreachais a úsáideann teicneolaíochtaí a bhfuil costais imeallacha níos ísle acu (an uasteorainn ioncaim) a thabhairt isteach. Mar sin féin, tugann sé solúbthacht freisin do na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le conas an beart sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Úsáidfear ioncam os cionn na huasteorann ioncaim chun an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda leictreachais ar thomhaltóirí fuinnimh a mhaolú. Beidh feidhm ag an mbeart ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.
- Tacaíocht do chustaiméirí deiridh: Leis an Rialachán ón gComhairle, leathnaítear an bosca uirlisí atá ar fáil do na Ballstáit chun tomhaltóirí leictreachais a chosaint, trí phraghsanna rialáilte faoi bhun costais a cheadú do theaghlaigh agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) faoi choinníollacha áirithe. Beidh feidhm ag an mbeart seo ón 8 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Leis an Rialachán ón gComhairle, tugadh isteach ranníocaíocht dlúthpháirtíochta do chuideachtaí AE agus do bhuanbhunaíochtaí a bhfuil gníomhaíochtaí acu sna hearnálacha peitriliam amh, gás nádúrtha, guail agus scaglainne (Caibidil III).

Cé go raibh sé d'aidhm ag an Rialachán ón gComhairle aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla na géarchéime fuinnimh, an 14 Márta 2023, shocraigh an Coimisiún ní hamháin tabhairt faoi fhreagairt éigeandála, ach mhol sé go ndéanfaí athchóiriú ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus deireadh a chur de réir a chéile le gás, ionas nach mbeidh billí tomhaltóirí chomh spleách ar phraghsanna luaineacha breosla iontaise, chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar ardú tobann

[6] IA mhéid a bhaineann le hacmhainní Stáit, féadfaidh bearta den sórt sin a bheith faoi réir rialú Státchabhrach.
[7] Beidh feidhm ag an mbeart lenar tugadh isteach an sprioc tháscach go dtí deireadh mhí na Nollag 2023.

praghsanna agus ar chúbláil mhargaidh a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus chun tionscal an Aontais a dhéanamh glan agus iomaíoch (an ***togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais***)[8]. Leagtar amach sa togra seo bearta arb é is aidhm dóibh forbairt conarthaí níos fadtéarmaí le táirgeadh cumhachta neamh-iontaise a chumasú agus réitigh sholúbtha níos glaine a thabhairt isteach sa chóras, amhail freagairt don éileamh agus stóráil, chun gás a bhaint amach as an meascán leictreachais. Chun solúbthacht an chórais cumhachta a fheabhsú, leagtar síos leis an togra ceanglas ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas agus cuspóirí a bhunú chun solúbthacht neamh-iontaise a mhéadú agus leagtar amach ann an fhéidearthacht scéimeanna tacaíochta nua a thabhairt isteach maidir le solúbthacht neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh agus stóráil.

Áirítear freisin sa togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais bearta chun tomhaltóirí leochaileacha a chosaint. I measc nithe eile, ceadaítear leis an togra do na Ballstáit praghsanna miondíola rialáilte faoi bhun costais a thabhairt isteach do theaghlaigh agus do FBManna sa chás go mbeadh géarchéim praghsanna leictreachais ann amach anseo.

Mar ullmhúchán don togra, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí ón 23 Eanáir 2023 go dtí an 13 Feabhra 2023 (an ***comhairliúchán poiblí***). Áiríodh sa chomhairliúchán poiblí ceisteanna maidir leis na bearta a tugadh isteach sa Rialachán ón gComhairle[9].

## II. Ceanglas in Airteagal 20 de Rialachán ón gComhairle

Le hAirteagal 19 den Rialachán ón gComhairle, tugadh isteach oibleagáidí tuairiscithe ar Bhallstáit agus dá réir sin, ba cheart go mbeadh faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit, faoin 31 Eanáir 2023, maidir le (i) na bearta laghdaithe éilimh a cuireadh chun feidhme; (II) an t-ioncam barrachais a ghintear tar éis an uasteorainn ioncaim shealadach a thabhairt isteach ar tháirgeoirí cumhachta ‘infrimeallacha’ chomh maith le dáileadh an ioncaim sin chun tionchar phraghsanna arda leictreachais a mhaolú; agus (iii) aon idirghabhálacha a bhaineann le praghsanna miondíola a shocrú. Níor chuir na Ballstáit uile a dtuarascálacha isteach de réir mar is gá. Chuir níos lú ná leath de na Ballstáit a dtuarascáil isteach faoin spriocdháta, rinne Ballstáit eile aighneachtaí i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2023 agus is

[8] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas.

[9] Fuair an Coimisiún 1369 bhfreagra; tháinig breis agus 700 díobh sin ó shaoránaigh, thart ar 450 duine ó ghnólachtaí agus ó chomhlachais ghnó, thart ar 40 ó riaracháin náisiúnta nó áitiúla nó ó rialtóirí náisiúnta agus thart ar 70 ó oibreoirí líonraí. Chomh maith leis sin, bhí thart ar 20 pobal fuinnimh, 15 cheardchumann agus 20 eagraíocht tomhaltóirí rannpháirteach. Chuir líon mór eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí taighde nó eagraíochtaí acadúla eile freagraí isteach chomh maith.

fíorbheag agus níor chuir dhá Bhallstát a dtuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin go fóill[10]. Braitheann an tuarascáil sin ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit isteach ag an am ar scríobhadh í. Ba cheart a thabhairt faoi deara mar sin féin, nach ndearna an Coimisiún aon mheasúnú a mhéid a bhaineann le cruinneas na faisnéise a tugadh.

De bhun Airteagal 20(1) den Rialachán ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Chaibidil II i bhfianaise staid ghinearálta an tsoláthair leictreachais agus na bpraghsanna san Aontas agus cuirfidh sé tuarascáil ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid na Comhairle.

Foráiltear le hAirteagal 20(1) den Rialachán ón gComhairle freisin, bunaithe ar an tuarascáil sin, go bhféadfaidh an Coimisiún a mholadh, má tá bonn cirt leis sin de bharr imthosca eacnamaíocha nó fheidhmiú an mhargaidh leictreachais san Aontas agus sna Ballstáit aonair, síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin ón gComhairle, leasú a dhéanamh ar leibhéal na huasteorann ioncaim ar tháirgeoirí cumhachta 'infrimeallacha' agus ar na foinsí giniúna leictreachais lena mbaineann sé faoi láthair, nó Caibidil II a leasú ar shlí eile.

Mar chuid den athbhreithniú ar bhearta an Rialacháin ón gComhairle i gCaibidil II agus i gcomhréir le hAirteagal 20(1), cuireann an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid na Comhairle (an ***Tuarascáil***). Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an Tuarascáil athbhreithniú ar na forálacha maidir le ranníocaíocht dlúthpháirtíochta atá i gCaibidil III den Rialachán ón gComhairle, a ndéanfar tuarascáil ina leith a chur isteach léi féin i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin.

Tá an Tuarascáil bunaithe ar athbhreithniú an Choimisiúin a rinneadh ag an am ar scríobhadh í bunaithe ar dhálaí reatha an mhargaidh leictreachais, ar an athrú a mheastar a thiocfaidh orthu agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil, lena n-áirítear na freagairtí ó 25 Bhallstát a chomhlíon a n-oibleagáidí tuairiscithe de réir Airteagal 19 den Rialachán ón gComhairle (na ***Ballstáit tuairiscithe***). Dá bhrí sin, ní léirítear sa Tuarascáil aon athruithe gan choinne ar staid ghinearálta an tsoláthair leictreachais agus na bpraghsanna leictreachais san Aontas ná conclúidí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo bunaithe ar fhaisnéis bhreise ó na Ballstáit.

## III. Dálaí reatha an mhargaidh leictreachais

Tugadh na bearta sa Rialachán ón gComhairle isteach i dtréimhse inar shroich praghsanna leictreachais na leibhéil is airde riamh. Mar shampla, i mí Lúnasa 2022, bhí praghsanna mórdhíola leictreachais phríomh-mhargaí leictreachais an Aontais os cionn 350 EUR/MWh,

[10] An Ungáir agus an Rómáin.

agus i mí na Nollag 2022 bhí an tagarmharc os cionn 220 EUR/MWh. Bhí na praghsanna leictreachais le linn na tréimhse tuairiscithe thart ar cheithre huaire níos airde ná an meánphraghas idir 2010-2020 (40-60 EUR/MWh). Tháinig na praghsanna iomarcacha sin chun cinn den chuid is mó mar thoradh ar phraghsanna gáis a bheith níos airde ná riamh le linn shamhradh 2022[11] agus lean sé sin ar aghaidh don chuid is mó den fhómhar, agus le linn na tréimhse sin ba iad saoráidí giniúna gáis agus gualbhreoslaithe na gléasraí a raibh na costais imeallacha is airde ag baint leo a bhí ag teastáil chun freastal ar an éileamh ar leictreachas. D'ardaigh spotphraghsanna mórdhíola gáis le linn na géarchéime thart ar sé oiread an mheánphraghais idir 2010-2020 (thart ar 20 EUR/MWh). Ba sa chomhthéacs sin a ghlac an Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022 an togra ón gCoimisiún le haghaidh idirghabháil éigeandála sa mhargadh leictreachais agus is as sin a glacadh an Rialachán ón gComhairle ar deireadh. Bhí an Coimisiún agus an Chomhairle ag súil ag an am sin go bhfanfadh praghsanna leictreachais ag leibhéil arda mar a tugadh faoi deara i samhradh agus i bhfómhar 2022.

Mar sin féin, ó mhí na Nollag 2022, nuair a tháinig feidhm leis na bearta sa Rialachán ón gComhairle, tháinig laghdú mór ar phraghsanna leictreachais, agus na meánphraghsanna reatha ag leibhéil faoi bhun 80 EUR/MWh (is é 80 EUR/MWh meántagarmharc an Aontais go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2023).

Is é is cúis leis sin go príomha laghdú ar phraghsanna mórdhíola gáis, a tharla de bharr tosca éagsúla, lena n-áirítear aimsir shéimh agus an tacar leathan beart a chuir na Ballstáit agus an Coimisiún i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh, amhail na bearta chun éileamh ar leictreachas a laghdú sa Rialachán ón gComhairle, an tagarmharc GNL agus na bearta chun an t-éileamh ar ghás a laghdú,[12] rud a chuir feabhas ar an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh. [13]

Mar gheall ar an titim a tháinig le déanaí ar phraghsanna gáis agus ar chobhsaíocht na bpraghsanna gáis, agus dá bhrí sin, ar phraghsanna leictreachais sna chéad mhíonna de 2023, tá ionchais sa mhargadh gur lú an dóchúlacht go dtarlóidh an t-ardú tobann i bpraghsanna

[11] I mí Lúnasa 2022, bhí praghsanna TTF lá roimh ré agus mí roimh ré os cionn 230 EUR/MWh.

[12] Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, ar thagarmharcanna praghsanna iontaofa agus ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha, Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe chun éileamh a laghdú le haghaidh gáis agus Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh le haghaidh bearta laghdaithe éilimh i gcomhair gáis agus lena dtreisítear tuairisciú agus faireachán ar a gcur chun feidhme.

[13]Laghdaigh an tAontas a éileamh ar ghás nádúrtha 19,2 % nó 41,5 bcm ó mhí Lúnasa 2022 go dtí mí Eanáir 2023, i gcomparáid le meán na 5 bliana roimhe sin. Go dtí seo, sháraigh sé a sprioc 15 %, a chomhfhreagraíonn do 32,5 bcm don tréimhse chéanna. Thairis sin, tá níos mó ná 90 % dá sprioc fhoriomlán de laghdú díreach os cionn 45 bcm bainte amach aige cheana féin don tréimhse iomlán ó Lúnasa 2022 go Márta 2023.

leictreachais, a tugadh faoi deara le linn 2022, sa gheimhreadh atá le teacht. Tá fachtóirí éagsúla ina mbonn agus ina dtaca ag ionchais den sórt sin sa mhargadh, amhail na leibhéil stórála gáis níos airde, iarrachtaí na mBallstát an t-éileamh a laghdú agus na torthaí dá réir sin agus an bonneagar píblíne breise agus an bonneagar gáis nádúrtha leachtaithe a tógadh d'fhonn dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh. I gcás fachtóirí bunúsacha eile a bhaineann le soláthar an mhargaidh leictreachais, amhail infhaighteacht fheabhsaithe na cumhachta núicléiche a bhfuiltear ag súil leis agus infhaighteacht fhoriomlán hidreachumhachta i gcomparáid le 2022, tugtar le fios freisin go mbeidh dálaí soláthair leictreachais níos saoire sa gheimhreadh, agus meastar go mbeidh brú aníos níos ísle ar phraghsanna leictreachais mar thoradh orthu i gcomparáid leo sin in 2022.

## IV. An tÉileamh Leictreachais a Laghdú

*Bearta chun an t-éileamh a laghdú*

Tá feachtais spárála fuinnimh agus feachtais feasachta tomhaltais curtha chun feidhme ag gach Ballstát atá ag tuairisciú chomh maith le bearta ginearálta coigilte fuinnimh amhail gníomhaíocht maidir le téamh foirgnimh phoiblí agus soilsiú poiblí. Is díol sásaimh don Choimisiún na feachtais sin toisc go gcuireann siad tomhaltóirí ar an eolas faoi cathain a bhíonn praghsanna leictreachais ard ionas gur féidir leo a dtomhaltas fuinnimh a dhéanamh níos solúbtha. Chun freagairt don éileamh a spreagadh, thuairiscigh cúig Bhallstát, eadhon an Ostair, an Chróit, an tSeicia, an Ghréig agus an Pholainn gur thug siad fóirdheontais isteach maidir le praghsanna fuinnimh miondíola nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le leibhéil shonracha tomhaltais leictreachais.

Tá bearta ar leith curtha i bhfeidhm ag 19 mBallstát, eadhon an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn, agus is é is aidhm dóibh an t-éileamh ar leictreachas a laghdú ag buaicuaireanta an chloig, amhail foilsiú buaicuaireanta, feachtais chumarsáide agus teachtaireachtaí aonair do thomhaltóirí a spreagann laghduithe deonacha leictreachais. Go sonrach, tá scéimeanna tairisceana iomaíocha curtha chun feidhme ag an Iodáil, an tSlóivéin agus an Spáinn chun an t-éileamh leictreachais a laghdú ag buaicuaireanta le linn gheimhreadh 2022-2023, [14] agus thug an Ostair agus an tSualainn fógra don Choimisiún faoi scéim ábhartha lena formheas laistigh den chreat Státchabhrach. Ar deireadh, thuairiscigh an Phortaingéil go bhfuil sí i mbun breithniú

[14] Tá roinnt Ballstát, is iad sin an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn, tar éis próiseas tairisceana iomaíoch a thabhairt isteach nó a mheas chun laghdú ar an éileamh ar leictreachas a bhaint amach.

a dhéanamh ar scéim tairisceana iomaíoch a chur chun feidhme chun an t-éileamh ar leictreachas a laghdú ag buaicuaireanta.

Tá trí Bhallstát tar éis bearta laghdaithe éilimh a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha tomhaltóirí. Mar shampla, chuir an Laitvia a teorainneacha i bhfeidhm ar thomhaltas leictreachais na dtomhaltóirí móra tionsclaíocha.

*Tomhaltas leictreachais a laghdú*

Ar bhonn na faisnéise a chuir na Ballstáit tuairiscithe isteach le haghaidh mhí na Nollag 2022, bhí an laghdú foriomlán ar thomhaltas leictreachais idir 0,5 %[15] agus 15 % i gcomparáid leis an tréimhse thagartha[16].

Maidir leis an méid a laghdaíodh an tomhaltas leictreachais ag buaicuaireanta:

- D'fhógair deich mBallstát, eadhon an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn agus an Phortaingéil méideanna laghdaithe idir 4 % agus 7 %.
- Dhearbhaigh ocht mBallstát, eadhon an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an tSlóivéin agus an tSualainn laghdú idir 7 % agus 10 %.
- Dhearbhaigh cúig Bhallstát, eadhon an Fhrainc, an Ghréig, an Liotuáin, an tSlóvaic agus an Spáinn laghdú os cionn 10 %.

*Measúnú ar fhadú an bhirt*

Tugann na Ballstáit tuairiscithe le fios gur bhain siad amach ar an iomlán an sprioc cheangailteach maidir le tomhaltas leictreachais a laghdú 5 % ag buaicuaireanta. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh sé dúshlánach an ceanglas *táscach* maidir le laghdú 10 % ar an tomhaltas míosúil foriomlán (i gcomparáid leis na 5 bliana dheireanacha) a chomhlíonadh mar gheall ar spleáchas ar an aimsir agus ar na cúinsí eacnamaíocha de dheasca na géarchéime fuinnimh.

---

[15] Bhain an Chipir, an Chróit, an Pholainn agus an Phortaingéil na leibhéil is ísle den laghdú ar thomhaltas leictreachais amach.

[16] Mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe (3) den Rialachán ón gComhairle. Thuairiscigh an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig agus an Spáinn na leibhéil is airde laghdaithe ar thomhaltas leictreachais a baineadh amach. Agus an laghdú ar olltomhaltas leictreachais á ríomh, is cosúil gur chuir roinnt Ballstát Airteagal 3(2) den Rialachán ón gComhairle i bhfeidhm, cé nár chuir cuid eile acu. Le hAirteagal 3(2) tugtar an deis do na Ballstáit an méadú ar an olltomhaltas leictreachais a chur san áireamh, ar méadú é a leanann ó bhaint amach na spriocanna maidir le laghdú ar an éileamh ar ghás agus na n-iarrachtaí ginearálta leictriúcháin chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus laghduithe ar olltomhaltas leictreachais á ríomh acu faoi seach. Mar thoradh air sin, ba cheart aon chomparáidí idir ríomhanna den sórt sin ar fud na mBallstát éagsúil a dhéanamh go cúramach.

Áiríodh sa chomhairliúchán poiblí ceisteanna maidir le síneadh a d’fhéadfaí a chur leis na bearta freagartha don éileamh. Mar fhreagra ar na ceisteanna sin, chuir formhór na bpáirtithe leasmhara in iúl nach gá ceanglais shonracha a thabhairt isteach maidir le freagairt don éileamh a bheadh infheidhme i gcás géarchéime i ***Rialachán (AE) 2019/943 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (an Rialachán maidir le Leictreachas***). Ina ionad sin, bhí siad den tuairim go dtugtar go leor airde cheana féin ar an bhfreagairt don éileamh i reachtaíocht an mhargaidh leictreachais, dá bhforáiltear i bhforálacha Threoir (AE) 2019/944 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas (an ***Treoir maidir le Leictreachas***) agus go ndearnadh í a fheabhsú a thuilleadh sa togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais.

Déanann an togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais bearta laghdaithe éilimh a chomhtháthú tuilleadh mar ghnéithe struchtúracha i ndearadh an mhargaidh leictreachais. Go háirithe, chun comhtháthú éifeachtúil an leictreachais a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite athraitheacha a áirithiú (agus malartuithe traslimistéir á gcur san áireamh) agus chun an gá atá le giniúint leictreachais atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a laghdú tráth a bhfuil éileamh ard ar leictreachas chomh maith le leibhéil ísle giniúna leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite athraitheacha, leis an togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais cuirtear ar a gcumas d’oibreoirí córas tarchurtha táirge buaicscafa a dhearadh lena gcumasófar freagairt don éileamh chun cuidiú le buaicphointí tomhaltais sa chóras leictreachais a laghdú ag uaireanta ar leith den lá (Airteagal 7a nua den Rialachán maidir le Leictreachas). Féadfaidh an táirge buaicscafa cabhrú le comhtháthú an leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí inathnuaite sa chóras a mhéadú tríd an tomhaltas leictreachais a aistriú go hamanna an lae le giniúint níos airde leictreachais in-athnuaite, ar choinníoll nach mó na costais réamh-mheasta ná na tairbhí a bhaineann leis na táirgí. Ós rud é go bhfuil sé d’aidhm ag an táirge buaicscafa an tomhaltas leictreachais a laghdú agus a aistriú, cuireann an togra teorainn le raon an táirge seo chun freagairt don éileamh.

Ina theannta sin, i dtaca leis an togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na riachtanais atá acu maidir le solúbthacht an chórais cumhachta, lena n-áirítear freagairt don éileamh, agus cuspóirí a bhunú chun na riachtanais sin a bhaint amach. Ina theannta sin, comhtháthaítear leis an togra an deis do na Ballstáit córais acmhainneachta a dhearadh nó a athdhearadh chun solúbthacht ísealcharbóin a chur chun cinn agus chun scéimeanna nua tacaíochta solúbthachta neamh-iontaise a thabhairt isteach sna margaí leictreachais. Thairis sin, murab ionann agus an réasúnaíocht is bonn leis na bearta laghdaithe éilimh sa Rialachán ón gComhairle, arb é is aidhm dóibh spriocanna laghdaithe éilimh a bhaint amach go huilíoch ar fud na mBallstát mar gheall ar an ngéarchéim, téann an

togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais i ngleic leis an bhfreagairt don éileamh ar bhealach níos struchtúrtha. Cuireann sé ar chumas na mBallstát a gcórais solúbthachta neamh-iontaise agus a gcuspóirí faoi seach maidir le freagairt don éileamh agus stóráil a dhearadh atá saincheaptha do riachtanais shonracha a gcóras leictreachais faoi seach. Ar an gcúis sin, ní leagtar amach spriocanna sonracha sa togra.

Luann an Coimisiún freisin go bhfuil cód gréasáin nua maidir le freagairt don éileamh á dhréachtú faoi láthair. Nuair a thabharfar chun críche é, beifear ag súil go n-áireofar leis an gcód gréasáin sin rialacha ceangailteacha maidir le comhiomlánú, stóráil fuinnimh agus ciorrú éilimh, rud a éascóidh a thuilleadh rannpháirtíocht na freagartha don éileamh sna margaí uile atá ann cheana[17].

Agus an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún faoi láthair á cur san áireamh, lena n-áirítear ionchais reatha an mhargaidh mar a leagtar amach thuas, ní fheictear don Choimisiún go bhfuil gá faoi láthair le síneadh a chur leis na bearta laghdaithe éilimh a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle.

## V. An uasteorainn ioncaim infrimeallaigh

*An uasteorainn ioncaim a chur chun feidhme*

Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit tuairiscithe ar aghaidh, bhí cur chun feidhme na huasteorann ioncaim infrimeallaigh an-ilchineálach. Breathnaítear ar chur chun feidhme éagsúil ní hamháin i ndáil leis an leibhéal ag ar socraíodh an uasteorainn ioncaim (tá an uasteorainn socraithe ag 17 mBallstát faoi bhun 180 EUR/MWh[18]), ach freisin maidir le raon ama na mbeart (cuireann seacht mBallstát an uasteorainn i bhfeidhm go cúlghabhálach[19], agus cuirfidh 11[20]

[17] https://www.acer.europa.eu/news-and-events/news/acer-submitted-framework-guideline-demand-response-european-commission-first-step-towards-binding-eu-rules

[18] Tá uasteorainn níos lú ná 180 EUR/MWh tuairiscithe ag na Ballstáit seo a leanas le haghaidh teicneolaíocht amháin ar a laghad: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, Poblacht na Seice, an Pholainn, an tSlóvaic. Thug an Spáinn uasteorainn ioncam margaidh isteach ar theicneolaíochtaí áirithe cheana féin i mí Mheán Fómhair 2021. Leis an mbeart, a mheastar a mhairfidh go dtí deireadh 2023, cuirtear uasteorainn de thart ar 67 EUR/MWh i bhfeidhm faoi láthair. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Spáinn agus an Phortaingéil córas chun feidhme a bhí dírithe ar phraghsanna mórdhíola leictreachais a laghdú i margadh na hIbéire, rud a laghdaíonn tionchar na huasteorann ioncaim margaidh. Ghlac an Coimisiún leis an margadh an 8 Meitheamh 2022 faoi chásuimhreacha SA.102454 agus SA. 102569 agus síneadh le déanaí é faoi chásuimhreacha SA. 106095 agus SA. 106096.

[19] Chuir na Ballstáit seo a leanas tús leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh a chur i bhfeidhm roimh an 1 Nollaig 2022: An Bheilg (1/8/2022); An Chipir (24/6/2022); An Fhrainc (1/7/2022); An Ghréig (8/7/2022); An Iodáil (Feabhra 2022 do roinnt gineadóirí in-athnuaite) agus an Phortaingéil agus an Spáinn (Meitheamh 2022).

[20] San Ostair, i bPoblacht na Seice, san Fhionlainn, sa Fhrainc, Lucsamburg, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa Spáinn, cuirfear an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh nó bearta comhchosúla i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023. Sa Chipir, beidh deireadh an bhirt bunaithe ar chinneadh arna eisiúint ag an rialtóir. Beidh an beart i bhfeidhm sa tSlóvaic go dtí an 31 Nollaig 2024. Ina theannta sin, sa Ghearmáin is féidir síneadh a chur leis an tréimhse cur i bhfeidhm go dtí an 30 Aibreán 2024.

Bhallstát an uasteorainn i bhfeidhm tar éis an dáta deiridh a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle maidir leis an mbeart seo).

Thuairiscigh roinnt Ballstát deacrachtaí maidir le cur chun feidhme an bhirt ina ndlínsí náisiúnta. Bhain formhór na ndeacrachtaí sin leis an tréimhse ghearr inar ghá do na Ballstáit é a chur chun feidhme, agus bhí baint ag cuid eile acu le bailiú sonraí agus ríomh ioncaim gach gineadóir leictreachais a bheadh faoi réir an bhirt. Thuairiscigh na Ballstáit coinbhleachtaí leis na húdaráis chánach náisiúnta ábhartha agus leis na rialacháin is infheidhme freisin, agus bealaí á bplé acu chun an uasteorainn ioncaim a chur chun feidhme.

Cé nár thuairiscigh na Ballstáit bacainní móra ar thrádáil trasteorann ná ar iompar tairisceana, bhí imní ar roinnt freagróirí sa chomhairliúchán poiblí gur chruthaigh an éagsúlacht straitéisí cur chun feidhme éagsúla ar fud na mBallstát éiginnteacht rialála do rannpháirtithe sa mhargadh agus measadh gur bacainn ar infheistíochtaí nua é.

*Ioncam a ghintear ó chur chun feidhme na huasteorann ioncaim*

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur chuir na Ballstáit a dtuarascáil isteach laistigh de chúpla mí tar éis don uasteorainn ioncaim infrimeallaigh teacht i bhfeidhm, agus faoin am sin, ní raibh faisnéis ag an gcuid is mó acu fós faoi na hioncaim a bailíodh tríd an mbeart. Ní raibh ach dhá Bhallstát in ann roinnt réamhfhigiúirí a chur ar fáil: Thuairiscigh an Bhulgáir gur bhailigh sí BGN 321 700 123 (tuairim agus EUR 163 milliún) i mí na Nollag 2022, agus chuir an Liotuáin in iúl gur bailíodh thart ar EUR 10 milliún faoin 9 Márta 2023. Cé go raibh an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil in ann figiúirí a sholáthar, is figiúirí iad sin a thagraíonn d’ioncam a bailíodh sular glacadh an Rialachán ón gComhairle, ós rud é go raibh bearta atá coibhéiseach leis an uasteorainn ioncaim curtha chun feidhme ag na tíortha sin sular glacadh an Rialachán ón gComhairle.

Bhí an chuid is mó de na Ballstáit in ann meastacháin a chur ar fáil maidir leis an ioncam a raibh siad ag súil leis, i mórán cásanna leis an caveat a raibh na meastacháin sin bunaithe orthu, meastar gur praghsanna mórdhíola leictreachais an-ard a bheadh ann. Bhíothas ag súil go mbeadh an t-ioncam níos mó ná EUR 50 billiún san iomlán ar dtús. Mar sin féin, ba chosúil nach dócha go dtiocfaidh na toimhdí sin chun cinn faoi thráth an tuairiscithe. Tá méid an ioncaim míchothrom ar fud na mBallstát, agus thuairiscigh an Ghearmáin na meastacháin níos airde a raibh súil aici a bhailiú ar dtús (EUR 23,4 billiún, ag breithniú go bhféadfaí an beart a shíneadh go dtí an 30 Aibreán 2024), agus an Fhrainc ina dhiaidh sin (EUR 11 bhilliún). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur socraíodh sa dá thír an uasteorainn ioncaim don chuid is mó de na teicneolaíochtaí ar leibhéal i bhfad níos ísle ná an 180 EUR/MWh a fhoráiltear leis an

Rialachán ón gComhairle, agus go raibh na meastacháin sin bunaithe ar phraghsanna mórdhíola leictreachais a rabhthas ag súil leo. Ballstáit eile, go háirithe na Ballstáit sin nár shocraigh leibhéal na huasteorann níos lú ná 180 EUR/MWh, bhíothas ag súil go mbaileoidh siad méideanna níos ísle.

*Measúnú ar fhadú an bhirt*

Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú gurb é an réasúnaíocht a bhí leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh a chur ar chumas na mBallstát an t-ioncam iomarcach a fhaigheann gineadóirí áirithe infrimeallacha ar bhonn eisceachtúil a bhailiú agus a athdháileadh agus, ag an am céanna, iomaíocht phraghasbhunaithe a chaomhnú i measc táirgeoirí leictreachais (bunaithe ar fhoinsí inathnuaite go háirithe) ar fud an Aontais.

I ndáil leis an méid sin, mar gheall ar na praghsanna mórdhíola leictreachais níos ísle le míonna anuas, bhí éifeachtaí ábhartha ag an uasteorainn ioncaim, a socraíodh ag uasmhéid 180 EUR/MWh[21] go dtí seo sna Ballstáit a roghnaigh, i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(a), uasteorainn atá níos ísle ná 180 EUR/MWh agus, go háirithe, atá íseal go leor chun ioncam infrimleallach ó na praghsanna leictreachais ábhartha sna Ballstáit sin a bhaint amach.

Mar a leagtar amach thuas, cuireadh an uasteorainn ioncaim chun feidhme ar bhealach an-ilchineálach ar fud na mBallstát. Breathnaítear ar chur chun feidhme éagsúil ní hamháin maidir leis an leibhéal ag ar socraíodh an uasteorainn ioncaim, ach maidir le raon ama a chur i bhfeidhm agus maidir leis an leibhéal uasteorann a tugadh isteach in aghaidh na teicneolaíochta laistigh de Bhallstát ar leith freisin. Ina theannta sin, cuireadh an Coimisiún ar an eolas freisin i malartuithe le páirtithe leasmhara agus trí ghearáin go raibh tionchar ag an gcaoi ar chinn Ballstáit áirithe an uasteorainn ioncaim a chur chun feidhme ar chomhaontuithe ceannacháin cumhachta (**PPAnna**) atá ann cheana agus ar chonarthaí fadtéarmacha eile chomh maith le dídhreasú a dhéanamh ar thabhairt i gcrích comhaontuithe nua. Breathnaítear air sin nuair nach bhfuil feidhm ag an uasteorainn maidir leis an ioncam réadaithe a fhaigheann táirgeoir ón PPA, ach maidir le hioncam “measta” (fictitious) a chomhfhreagraíonn, mar shampla, do phraghsanna mórdhíola leictreachais, rud a fhágann ar deireadh cásanna aite ina bhféadfadh sé go mbeadh ar an táirgeoir leictreachas a dhíol faoi chaillteanas.

[21] Chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú, le hAirteagal 8(1)(b) den Rialachán ón gComhairle, ceadaítear do na Ballstáit uasteorainn níos airde a shocrú ar ioncam margaidh do tháirgeoirí a bheadh faoi réir na huasteorann uile-Aontais ar ioncam margaidh murach sin, nuair is airde a gcostais infheistíochta agus oibriúcháin ná an uasteorainn uile-Aontais ar ioncam margaidh. Tá an fhéidearthacht sin ionchorpraithe ag 13 Bhallstát i gcur chun feidhme náisiúnta na huasteorann ioncaim infrimeallaigh, go háirithe i gcás gléasraí ligníte, bithmhaise agus giniúna ola.

Dá gcuirfí síneadh leis an mbeart, chuirfí bac ar cheann de na cuspóirí a leagtar amach sa togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, eadhon an glacadh le PPAnna a dhreasú agus a áirithiú go mbeadh margadh PPA a leachtaí agus is féidir. Is ionstraimí iad PPAnna a chuireann cobhsaíocht fhadtéarmach praghsanna ar fáil don tomhaltóir agus an chinnteacht is gá don táirgeoir chun an cinneadh infheistíochta a dhéanamh. Mar sin féin, níl margaí gníomhacha PPA ach ag dornán Ballstát agus is iondúil go mbíonn ceannaitheoirí teoranta do chuideachtaí móra, go háirithe toisc go mbíonn bacainní roimh PPAnna, go háirithe an deacracht a bhaineann leis an riosca mainneachtana íocaíochta ón gceannaitheoir a chumhdach sna comhaontuithe fadtéarmacha sin. Mar sin, de réir an mholta, ba cheart do na Ballstáit an gá atá le margadh dinimiciúil PPA a chruthú a chur san áireamh agus na beartais á socrú acu chun na cuspóirí dícharbónaithe fuinnimh a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hacmhainneacht creidmheasa, leagtar amach sa togra gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí a bhfuil bacainní iontrála acu ar mhargadh PPA agus nach bhfuil i gcruachás airgeadais ar ionstraimí chun an riosca airgeadais a bhaineann le mainneachtain íocaíochta seach-úsáideoirí a laghdú, lena n-áirítear scéimeanna ráthaíochta ar phraghsanna margaidh. Áirítear sa togra ceanglais bhreise a bhfuil sé d'aidhm acu fás mhargadh na gcomhaontuithe sin a spreagadh.

Ina theannta sin, chruthaigh na bealaí éagsúla inar chuir na Ballstáit an uasteorainn ioncaim chun feidhme éiginnteacht rialála mhór, rud a chruthaíonn, dá réir sin, rioscaí d'fhorbairt infheistíochtaí nua, go háirithe i bhfoinsí in-athnuaite, atá riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Go háirithe, na deacrachtaí a tuairiscíodh i roinnt Ballstát a bhaineann le conarthaí fadtéarmacha a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear PPAnna, mar thoradh ar chur chun feidhme na huasteorann ioncaim, d'fhéadfaidís tuilleadh éiginnteachta a chruthú d'infheisteoirí agus bac a chur ar tharraingteacht agus ar mhuinín na bpáirtithe leasmhara sna réamh-mhargaí. Ar deireadh, d'fhéadfadh na rioscaí thuasluaite an bonn a bhaint de thimpeallacht infheistíochta tharraingteach a bhunú le haghaidh giniúint in-athnuaite agus ísealcharbóin ar a ndírítear leis an togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais agus, i ndeireadh na dála, leis an aistriú fuinnimh.

Ar deireadh, áiríodh sa chomhairliúchán poiblí ceisteanna maidir le síneadh a d'fhéadfaí a chur leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh. Bhí formhór na bhfreagróirí ina choinne mar gheall ar na rioscaí agus na dúshláin seo a leanas a bheadh i gceist le fadú an bhirt:

- is cosúil gur chruthaigh cur chun feidhme ilchineálach na huasteorann ioncaim infrimeallaigh ar fud na mBallstát éiginnteacht d'infheisteoirí agus tuairiscíodh gur dídhreasacht le haghaidh infheistíochtaí nua é;
- go bhfuil sé deacair an beart a chur chun feidhme, agus go bhfuil a chostais riaracháin ard i gcomparáid leis na tairbhí a bhaineann leis;
- nuair a shocraítear an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh ar leibhéal íseal, mar a roghnaigh roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé go mbeadh claonadh ag gineadóirí a dtáirgeacht a laghdú fad is atá an teorainn i bhfeidhm;
- is féidir cosaint tomhaltóirí a chinntiú gan cur isteach ar dhearadh an mhargaidh leictreachais, mar shampla, trí bheartais shóisialta spriocdhírithe a ghlacadh.

Níor thacaigh ach mionlach freagróirí le síneadh a chur leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh, mar a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle nó le mionathruithe. Bhunaigh na freagróirí sin a n-ionchur, den chuid is mó, ar thairbhí an bhirt do thomhaltóirí deiridh.

I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún faoi láthair, mar a leagtar amach thuas, ní mholann an Coimisiún go gcuirfí síneadh leis an Rialachán ón gComhairle maidir leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh.

Luann an Coimisiún chun an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar bhillí tomhaltóirí a mhaolú, gur mhol sé ina athchóiriú ar an margadh leictreachais forbairt margaí fadtéarmacha a chur chun cinn ionas nach gcinnfear ioncam na ngineadóirí infrimeallacha agus na praghsanna arna n-íoc ag tomhaltóirí deiridh ar phraghas luaineach gearrthéarmach an mhargaidh leictreachais. Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, déanfar an t-ioncam agus na praghsanna sin a mhúnlú den chuid is mó trí thagairt a dhéanamh do chonarthaí fadtéarmacha, amhail PPAnna agus conarthaí difríochta dhá threo, mar a thugtar orthu, ag brath ar cé acu a maoiníodh an tsuiteáil go príobháideach nó go poiblí. I gcás conarthaí difríochta, gheobhaidh siad íocaíocht amach nuair a éiríonn praghsanna margaidh ard. Leagtar síos sa togra go mbeidh ar na Ballstáit an íocaíocht amach sin a úsáid chun billí leictreachais gach custaiméara leictreachais a ísliú go díreach (lena n-áirítear cuideachtaí agus lucht tionscail), rud a mbeidh éifeacht cosúil leis an teorainn ioncaim infrimeallaigh aici, ach gan neamhchinnteacht a chruthú d'infheisteoirí.

## VI. Tacaíocht do thomhaltóirí deiridh

Tá Roinn 3 de Chaibidil II de Rialachán ón gComhairle dírithe ar an margadh miondíola agus ceadaítear do na Ballstáit síneadh sealadach a chur leis an idirghabháil phoiblí i socrú

praghsanna chun leictreachas a sholáthar d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) (Airteagal 12) agus do theaghlaigh agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide araon praghsanna miondíola faoi bhun costas go heisceachtúil agus go sealadach a shocrú (Airteagal 13).

Bhí idirghabháil phoiblí i socrú praghsanna ann do theaghlaigh roimh an ngéarchéim in aon tír déag, eadhon an Bheilg, an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic [22] mar phraghsanna rialáilte nó taraifí sóisialta. Le linn na géarchéime, thug seacht mBallstát breise isteach rialáil praghsanna do theaghlaigh, eadhon an Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóivéin.

As 25 measúnú a fuarthas, thuairiscigh 12 Bhallstát go raibh úsáid á baint as na bearta sa Rialachán ón gComhairle. Thuairiscigh 4 Bhallstát, eadhon an tSeicia, an Eastóin, an tSlóivéin agus an Pholainn, gur thug siad isteach praghsanna miondíola rialáilte do FBManna faoi Airteagal 12 den Rialachán ón gComhairle. Ina theannta sin, thuairiscigh an Fhrainc agus an tSlóvaic, a rialaigh praghsanna do theaghlaigh, scéimeanna cúitimh do FBManna, i gcomhréir leis an gCreat Sealadach um Ghéarchéim agus Aistriú (TCTF)[23] faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Rinne an Ísiltír idirghabháil i socrú praghsanna chun praghsanna leictreachais faoi bhun an chostais a áirithiú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Cuireadh an scéim sin in iúl don Choimisiún agus ceadaíodh í faoin gcreat státchabhrach is infheidhme[24].

Cé go gceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 13 pointe (c) den Rialachán ón gComhairle soláthróirí a chúiteamh as an gcostas a bhaineann le leictreachas a sholáthar faoi bhun an chostais, níor chuir na Ballstáit faisnéis shonrach maidir leis an bpointe sin san áireamh ina dtuarascálacha.

Ina theannta sin, luaigh roinnt Ballstát cineálacha eile idirghabhála i leith FBManna. Mar shampla, luaigh an Phortaingéil laghdú ar tharaifí gréasáin mar idirghabháil praghsanna atá saincheaptha do FBManna. Bhunaigh an Danmhairg, an Laitvia agus an tSualainn idirghabhálacha éagsúla maidir le praghsanna a shocrú do ghrúpaí éagsúla tomhaltóirí (gníomhaíochtaí maidir le cáin, tobhaigh, lacáistí, scéimeanna cúitimh, srl.). Chuir an Ghearmáin scéim uile-gheilleagair chun feidhme lena gcúitítear costais mhéadaithe

[22] A bhonn na faisnéise a fuarthas ó na Ballstáit, tuarascálacha ó Údaráis Rialála Náisiúnta agus bearta a ndearna na Ballstáit féinmheasúnú orthu.
[23] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Creat Sealadach um Ghéarchéim agus Aistriú maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis don Rúis ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin, 2023/C 101/03.
[24] SA.106377 TCTF – An Ísiltír – Scéim chun costais fuinnimh a laghdú.

leictreachais do ghnóthais, gan difear a dhéanamh, áfach, do shaoirse na soláthróirí gníomhú ar an margadh[25].

Ceanglaítear le hAirteagail 12 agus 13 freisin gur cheart go gcaomhnódh aon idirghabháil phoiblí sa mhargadh miondíola dreasacht chun éileamh leictreachais a laghdú. I ndáil leis sin, thuairiscigh roinnt Ballstát, amhail an Ostair, an Ghearmáin, an Chróit, an Ísiltír agus an Rómáin, scéimeanna bunaithe ar uasteorainneacha tomhaltais, lena n-áirítear idirghabhálacha i socrú praghsanna nó scéimeanna cúitimh díreacha nó indíreacha do thomhaltóirí deiridh.

Tá míbhuntáistí móra ann do phraghsanna rialáilte. Is féidir leo dreasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a laghdú agus an bonn a bhaint den iomaíocht agus a bheith ina chúis díobhála do thomhaltóirí san fhadtéarma. Cuireann na hábhair imní sin in iúl a thábhachtaí atá na rialacha is infheidhme i dTreoir 2019/944 maidir le Leictreachas, a ndíríonn an Rialachán ón gComhairle orthu.

*Measúnú ar fhadú an bhirt*

Is léir gur úsáideadh an beart géarchéime lena dtugtar an deis do na Ballstáit teorainn a chur le praghsanna do theaghlaigh agus do FBManna toisc gur thapaigh roinnt Ballstát an deis scéimeanna atá ann cheana a leathnú nó cinn nua a chruthú go han-ghasta.

Sa togra maidir le hathchóiriú ar dhearadh an mhargaidh, mhol an Coimisiún forálacha nua atá cosúil leo sin sa Rialachán ón gComhairle, tar éis measúnú a dhéanamh ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na mbeart miondíola a thuairiscigh na Ballstáit, ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus i bhfianaise a threorach maidir le beartas fioscach do na Ballstáit le haghaidh 2024[26] Go sonrach, mhol an Coimisiún go bhféadfaidh na Ballstáit, le linn géarchéim praghsanna leictreachais, idirghabháil spriocdhírithe praghsanna a thabhairt isteach do theaghlaigh agus do FBManna, lena n-áirítear ar leibhéil faoi bhun na gcostas, le haghaidh méid teoranta tomhaltas leictreachais, agus ar feadh tréimhse teoranta ama.

Tagann an fhéidearthacht sin sa bhreis ar an gcreat cosanta atá ann cheana do thomhaltóirí fuinneamhbhocht agus leochaileach dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Leictreachas, faoina bhféadfaidh na Ballstáit taraifí sóisialta a chur i bhfeidhm ar thomhaltóirí atá fuinneamhbhocht

[25] D'fhormheas an Coimisiún an scéim faoi na rialacha maidir le Státchabhair, i gcomhréir leis an TCTF. SA.104606 TCTF – An Ghearmáin – Srianadh sealadach costais ar mhéaduithe ar phraghsanna gáis nádúrtha, teasa agus leictreachais (JOCE C/061/2023).

[26] *"Ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh, ag tosú leis na bearta is lú a díríodh orthu. Dá mbeadh gá le síneadh a chur leis na bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú fuinnimh athnuaite, ba cheart do na Ballstáit díriú ar bhearta níos mó ná mar a díríodh san am a chuaigh thart, staonadh ó thacaíocht ghinearálaithe agus iad siúd a bhfuil gá acu leo, eadhon teaghlaigh agus gnólachtaí leochaileacha, a chosaint",* COM(2023) 141 treoir maidir le beartas fioscach do 2024.

agus leochaileach agus rialáil shealadach a dhéanamh ar phraghsanna miondíola do theaghlaigh agus do mhicrifhiontair go dtí go mbeidh iomaíocht mhargaidh go hiomlán bunaithe.

Ós rud é gur cuireadh an beart, den chuid is mó, isteach sa togra ón gCoimisiún maidir le dearadh margaidh, agus an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún faoi láthair á cur san áireamh, mar a leagtar amach thuas, ní fheictear don Choimisiún go bhfuil gá ann faoi láthair fad a chur leis an mbeart.

## VII. Réamhchonclúidí

Sa Tuarascáil sin, tugadh forléargas ar na freagairtí a fuair na Ballstáit maidir (i) lena mbearta laghdaithe éilimh; (ii) an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh a chur chun feidhme; agus (iii) praghsanna miondíola lena leagtar amach idirghabhálacha ó Chaibidil II den Rialachán ón gComhairle. Cuireadh i láthair sa Tuarascáil freisin forléargas ar ionchur na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí maidir leis na hábhair chéanna. Leis an bhfaisnéis a ndéantar measúnú uirthi sa Tuarascáil seo agus leis na dálaí sa soláthar leictreachais agus sna praghsanna san Aontas faoi láthair agus mar a thuartar faoi ghnáthchúinsí, ní chuirtear fianaise ar fáil go mbeadh gá ná go mbeadh sé inmholta síneadh a chur le gach ceann de na bearta laghdaithe éilimh, leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh agus le hidirghabhálacha miondíola.

Ar an gcéad dul síos, maidir le bearta laghdaithe éilimh, is cosúil go bhfuil bearta curtha chun feidhme ag gach Ballstát tuairiscithe chun an t-éileamh ar leictreachas a laghdú, go príomha trí fheachtais ardaithe feasachta agus trí bhearta spriocdhírithe maidir le fuinneamh a shábháil. Cé go dtuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil siad ag cloí ar an iomlán leis an sprioc cheangailteach tomhaltas leictreachais a laghdú 5 % ag buaicuaireanta, is cosúil go raibh dúshláin ag baint leis an laghdú 10 % ar an olltomhaltas leictreachais míosúil ach níor chuir sé sin bac ar an laghdú a chonacthas ar phraghsanna leictreachais.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, ní fheictear don Choimisiún go bhfuil gá faoi láthair le síneadh a chur leis na bearta chun an t-éileamh a laghdú a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle. Ní fhágann dálaí reatha an mhargaidh leictreachais gur gá an síneadh sin a chur le hathruithe nach féidir a thuar. Tá sé sin ag teacht freisin leis an aiseolas a fuarthas ó fhormhór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí. Cé nach bhfuil gá a thuilleadh leis sa ghearrthéarma agus leis na huirlisí a bhunaítear leis an Rialachán ón gComhairle, tá freagairt don éileamh tábhachtach do mhargaí leictreachais dea-fheidhmiúla. Ar an gcúis sin, thug an Coimisiún isteach é go struchtúrach ina thogra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais.

Ar an dara dul síos, fuarthas amach san athbhreithniú go bhfuil éagsúlacht mhór i gcur chun feidhme na huasteorann ioncaim ar fud na mBallstát. Tuairiscíodh go raibh neamhchinnteacht shuntasach ann d'infheisteoirí mar thoradh ar straitéisí éagsúla cur chun feidhme ar fud na mBallstát. Is measa fós é sin ós rud é gur tuairiscíodh go raibh tionchar ag cur chun feidhme na huasteorann i mBallstáit áirithe ar thabhairt i gcrích PPAnna agus conarthaí fadtéarmacha eile.

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus i bhfianaise dhálaí reatha agus intuartha an mhargaidh, measann an Coimisiún nach mbeadh tairbhí na huasteorann ioncaim infrimeallaigh atá ann faoi láthair níos mó ná an tionchar ar chinnteacht infheisteoirí agus ar na rioscaí d'fheidhmiú an mhargaidh agus don aistriú.  Leis na dúshláin sa phróiseas cur chun feidhme, díspreagtar freisin síneadh a chur leis an uasteorainn ioncaim infrimeallaigh a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle. Tá conclúid an Choimisiúin i gcomhréir leis an aiseolas a fuarthas ó fhormhór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí, is freagraí iad sin a chuir i gcoinne síneadh a chur leis an mbeart mar gheall ar imní maidir le héiginnteacht infheisteoirí.

Ar an tríú dul síos, fuarthas amach san athbhreithniú gur bhain roinnt Ballstát leas as an bhféidearthacht raon feidhme na rialála praghsanna miondíola a leathnú chuig FBManna tráth géarchéime agus rialáil praghsanna faoi bhun costas a chur i bhfeidhm faoi choinníollacha áirithe. Ina thogra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, chuir an Coimisiún forálacha coibhéiseacha san áireamh a chuireann ar chumas na mBallstát idirghabháil eisceachtúil shealadach a dhéanamh sna margaí miondíola trí phraghas níos ísle ná na costais a shocrú do theaghlaigh agus do FBManna le linn géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Dá nglacfaí an togra maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, d'áiritheofaí go mbeadh na bearta struchtúracha sin ina gcuid de chreat rialála an Aontais, a luaithe a ghlacfar an togra. I bhfianaise an mhéid thuas agus i bhfianaise na gcoinníollacha soláthair leictreachais agus praghsanna leictreachais atá ann faoi láthair agus a bhfuil coinne leo, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach gá síneadh a chur le forálacha Airteagail 12 agus 13 den Rialachán ón gComhairle.

Ar deireadh, ós rud é nach bhfuil an Tuarascáil seo bunaithe ar fhaisnéis a chuir na Ballstáit isteach ach cúpla mí tar éis theacht i bhfeidhm bhearta an Rialacháin ón gComhairle, tá conclúidí an Choimisiúin gan athrú ó aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Coimisiún a fháil ó na Ballstáit nó d'aon athruithe gan choinne ar staid ghinearálta an tsoláthair leictreachais agus na bpraghsanna san Aontas. Má thagann athrú mór ar an bhfaisnéis ar a bhfuil an Tuarascáil seo bunaithe ag an gCoimisiún, féadfaidh sé go mbeidh ar an gCoimisiún a chonclúidí a choigeartú dá réir sin nó gníomhú go pras i gcás ina n-éilíonn staid an mhargaidh é.